**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 1 Lúnasa 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Cottbus – an Ghearmáin) – RO, a bhfuil ionadaíocht dhlíthiúil aici v Bundesrepublik Deutschland**

**(Cás C-720/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas maidir le tearmann – Critéir agus sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (Baile Átha Cliath III) – Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag mionaoiseach sa Bhallstát inar rugadh é – Tuismitheoirí an mhionaoisigh sin ar deonaíodh stádas dídeanaí dóibh i mBallstát eile roimhe sin – Airteagal 3(2) – Airteagal 9 – Airteagal 20(3) – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 33(2)(a) – Inghlacthacht an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus freagracht as scrúdú a dhéanamh air)***

(2022/C 408/15)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Cottbus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* RO, a bhfuil ionadaíocht dhlíthiúil aici

*Cosantóir:* Bundesrepublik Deutschland

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní mór Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát,

   a léirmhíniú sa chaoi:

   nach bhfuil sé infheidhme de réir analaí i gcás ina dtaisceann mionaoiseach agus a thuismitheoirí iarratais ar chosaint idirnáisiúnta sa Bhallstát inar rugadh an mionaoiseach sin, cé go bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag a thuismitheoirí cheana féin i mBallstát eile.

2. Ní mór Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar

   a léirmhíniú sa chaoi:

   nach bhfuil sé infheidhme de réir analaí maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag mionaoiseach i mBallstát i gcás nach é an mionaoiseach sin é féin, ach a thuismitheoirí, ar tairbhithe iad de chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile.

([1]) IO C 88, 15.03.2021.